# SEACHTAIN NA GAEILGE
## le enérgia

BAIN TRIAIL AISTI SURPRISE YOURSELF!

1Ú - 17Ú MÁRTA **2019**

CLÁR IMEACHTAÍ EVENT PROGRAMME

Tráth na gCeist

HIP HAP

Siúlóidí

Club Leabhar

Ciorcal Comhrá

Ceol




**Imeachtaí san Iarthuaisceart**

**Beatha teanga í a labhairt**

www.donegalcoco.ie

www.ccdhunnangall.ie




## FOCAL ÓN CHATHAOIRLEACH



Tá lúcháir orm mar Chathaoirleach ar Chomhairle Contae Dhún na nGall ach go háirithe mar chainteoir dúchais cúpla focal a chur os bhur gcomhair insan leabhrán seo atá ag leagan amach na himeachtaí atá á reáchtáil insan chontae le linn Sheachtain na Gaeilge, chomh maith le Contae Thír Eoghain agus Contae Dhoire. Tá an Ghaeilge an-tábhachtach do Dhún na nGall mar chontae, léiríonn sé ár bhféiniúlacht agus caithfidh muidne, mar mhuintir Dhún na nGall, a bheith sásta agus bródúil í a labhairt.

Tá ceithre ghné iontach tábhachtach i saol na Gaeilge má tá muid dáiríre faoin teanga a chaomhnú, a neartú agus a fhorbairt. Ar dtús, tá géarghá chun tacaíocht a thabhairt do phobal na Gaeltachta go sóisialta agus go heacnamúil; sin an áit a bhfuil tobar na Gaeilge. Uimhir a dó, tá géarghá le seirbhísí i nGaeilge ón státchóras do phobal na Gaeltachta agus do chainteoirí Gaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht. Uimhir a trí, tá gá leis an Ghaeilge a chur chun cinn mar acmhainn chultúrtha agus turasóireachta, agus molaim an obair atá ar siúl ag na Coláistí Samhraidh sa chontae, agus ag gnólachtaí agus eagraíochtaí sa chontae a chuireann an ghné seo den teanga chun tosaigh. Agus sa deireadh, tá gá le deiseanna sultmhara a bheith ag daoine an Ghaeilge a úsáid agus a chleachtadh le chéile. Agus tá neart deiseanna mar sin sa chlár imeachtaí seo, agus ní liosta cuimsitheach é seo de gach rud a bheas ar siúl san iarthuaisceart. Tugaim ardmholadh do na grúpaí agus do na scoileanna amuigh ansin a mbeidh imeachtaí ar siúl acu ach nach bhfuil clúdaithe sa chlár imeachtaí seo.

Rinneadh dul chun cinn ollmhór insan Chomhairle Contae le roinnt blianta anuas agus tá an Ghaeilge lárnach anois i ngach gné den Chomhairle. Is féidir leat do ghnó a dhéanamh i nGaeilge, tá grúpaí sóisialta agus foghlamtha bunaithe sa Chomhairle agus tá mé sásta a rá go bhfuill an Ghaeilge mar theanga oifige agus labhartha i dtoghcheantar na nGleanntach le roinnt blianta anuas.

Tá obair iontach á déanamh ag na hOifigigh Ghaeilge sa Chomhairle, Seán agus Róise, insan Rannóg Gaeilge agus tá mé ag iarraidh mo mholadh agus mo bhuíochas a chur in iúl don bheirt acu atá ag cuidiú go mór leis an Ghaeilge a neartú agus a scaipeadh taobh istigh den Chomhairle agus insan Chontae.

Creidim féin, agus tá ráite agam ag go leor cruinnithe de chuid Choiste Gaeilge na Comhairle Contae, go bhfuil sé an-tábhachtach daoine a thabhairt linn agus daoine a mhealladh chuig an Ghaeilge le cairdeas agus le tograí dearfacha. Tá deis againn san Fhéile 'Seachtain na Gaeilge' sin a dhéanamh ar dhóigh iontach sultmhar agus sóisialta. Sampla maith de sin go bhfuil oibrithe sa Chomhairle Contae, a bhfuil scileanna ar leith acu i réimsí éagsúla, chun blaiseadh beag de na scileanna sin a theagasc i nGaeilge den chéad uair riamh, chun triail a bhaint as. Mar shampla, beidh seisiún ióga as Gaeilge, agus seisiún eolais ar an fhealsúnacht (philosophy) as Gaeilge laistigh den Chomhairle Contae.

Is cúis áthais dom fosta go bhfuil Club Leabhar an Iarthuaiscirt á bhunú le linn na Seachtaine, chun cainteoirí agus foghlaimeoirí Gaeilge a chur ag léamh i nGaeilge i dTír Chonaill / Dún na nGall, i dTír Eoghain agus i nDoire. Nach iontach fosta gur duine as Gaeltacht Dhún na nGall a scríobh an chéad leabhar a bheas á léamh ag baill an chlub seo, mar atá 'Fuascailt an Iriseora' le Michelle Nic Pháidín, agus beidh Michelle ag teacht chun Caint agus Plé a dhéanamh ag an chéad Teacht le Chéile den chlub ar an 14 Márta i Músaem an Chontae. Tá sé fíorthábhachtach na ceangail seo a fhorbairt idir cainteoirí Gaeilge sa Ghaeltacht anseo i nDún na nGall agus cainteoirí Gaeilge sna contaetha béal dorais linn.

Tá Clár imeachtaí den chéad scoith curtha le chéile le linn an Seachtaine (no dhó) agus tá súil agam go mbeidh daoine páirteach sna himeachtaí agus go mbainfidh sibh spraoi agus taitneamh as an Chlár.

Seas le do Chontae, Seas le do Dhúchas agus Seas le do Theanga mar sé na rudaí sin a dhéanann tú.

Le meas,

**Séamus Ó Domhnaill**
**Cathaoirleach**
**Comhairle Contae Dhún na nGall**




## FOCAL ÓN PHRÍOMHFHEIDHMNEACH



Is ábhar bróid dom, mar Phríomhfheidhmneach na Comhairle seo, a chur in iúl go mbeidh páirt théagrach á glacadh ag Comhairle Contae Dhún na nGall i Seachtain na Gaeilge arís i mbliana, an fhéile Ghaeilge is mó in Éirinn agus ar fud an domhain! Is féile idirnáisiúnta Ghaeilge í Seachtain na Gaeilge ina ndéantar an-cheiliúradh ar ár dteanga agus ar ár gcultúr dúchais ar fud na hÉireann agus in go leor tíortha eile ar fud na cruinne. Lena chois sin, is ábhar dóchais é dár dteanga agus dár gcultúr go bhfuil an fhéile seo ag dul ó neart go neart ó bhunaigh Conradh na Gaeilge í breis is céad bliain ó shin.

Tuigeann an Chomhairle na dualgais reachtúla agus morálta atá le comhlíonadh ó thaobh seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil do mhuintir Dhún na nGall. Tá muid ar ár seacht ndícheall seirbhísí Gaeilge a neartú agus a láidriú ar bhonn leanúnach dóibh siúd ar mian leo a ngnó a dhéanamh leis an Chomhairle trí mheán na Gaeilge. Ach, i mo bharúil, bheireann Seachtain na Gaeilge ardán eile dúinn fosta lenár dteanga agus ár gcultúr a cheiliúradh ar bhonn atá sultmhar, taitneamhach agus pléisiúrtha. Tá clár cuimsitheach imeachtaí curtha le chéile agus tá súil agam go bhfuil rud ínteacht ann le formhór na ndaoine a shásamh.

Is féidir leis an Chomhairle seo agus na coistí áitiúla a bheith bródúil agus mórtasach as an éacht a dhéantar bliain i ndiaidh bliana le Seachtain Gaeilge fhiúntach a reáchtáil sa chontae. Reáchtáiltear réimse leathan imeachtaí ar fud an chontae agus muise, ní gan an-tacaíocht ón tSeirbhís Leabharlainne, ó Rannóg na Gaeilge agus ó na coistí áitiúla sa phobal. Cuirtear imeachtaí ar siúl don aos óg agus dóibh siúd nach bhfuil chomh hóg! Tá lúcháir orm go bhfuil roinnt imeachtaí nua socraithe againn i mbliana go háirithe Club Leabhar an Iarthuaiscirt agus beidh an chéad seisiún Caint agus Plé san Iarsmalann i Leitir Ceanainn mar chuid d'imeachtaí Sheachtain na Gaeilge. Is maith is eol don Chomhairle go bhfuil go leor de na baill foirne cumasach sa Ghaeilge agus tá socruithe déanta le roinnt acu, seisiúin eolais a chur ar fáil ar ábhair a bhfuil bua ceirde faoi leith acu, mar shampla, ióga, fealsúnacht agus mar sin de. Is cinnte go spreagfaidh seo na baill i leith úsáid na Gaeilge agus spreagfaidh siadsan a gcomhleacaithe le haon leac oighir ina n-intinn a leá i leith na Gaeilge.

Tá an-áthas orm fosta go bhfuil an-chomhoibriú ar bun anois fosta idir Rannóg Gaeilge Chomhairle Contae Dhún na nGall agus Oifigigh Ghaeilge Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin leis an Ghaeilge a chur chun cinn sna trí chontae faoinár gcúram.

Aithníonn an Chomhairle fosta sárobair na ngrúpaí pobail áitiúla agus eagraíochtaí eile sa cheantar máguaird agus luaitear a gcuid imeachtaí isa leabhrán seo. Tá lúcháir orm go bhfuil imeachtaí ó Líonra Leitir Ceanainn, Áislann Rann na Feirste, Amharclann Ghaoth Dobhair, Ionad Naomh Pádraig i nDobhar, Forbairt Eachla CTR i mBaile na Finne, Oideas Gael i nGleann Cholm Cille, Céim Aniar sna Dúnaibh, Gaeltacht Bheo Fhánada, Teach Solais Fhánada, Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin, Gaelphobal an tSratha Báin, Cultúrlann Uí Chanáin i nDoire, agus go leor eile nach iad, luaite i mbliana.

Mar sin, iarraim ar mhuintir an iarthuaiscirt ar fad an deis iontach seo a thapú agus freastal a dhéanamh ar a laghad ar chuid de na himeachtaí ilghnéithe Gaeilge a bheas ar siúl ón 1 Márta go 17 Márta 2019. Níl le déanamh a bheith i láthair ag na himeachtaí, an chuid is mó acu saor in aisce, agus ár dteanga agus ár gcultúr ársa álainn a cheiliúradh le bród agus le mórtas. Ní neart go cur le chéile agus is cinnte má chuirimid an síol san earrach beidh neart le baint san fhómhar!

**Séamus Mac Conghaola,**
**Príomh-Fheidhmeannach,**
**Comhairle Contae Dhún na nGall**







Is iad Tracy Clifford, láithreoir le 2fm; peileadóir Átha Cliath Michael Darragh MacAuley agus Linda Ervine, Oifigeach Forbartha Gaeilge in Oirthear Bhéal Feirste, Ambasadóirí na bliana seo le haghaidh Sheachtain na Gaeilge.

Reáchtálfar féile #SnaG19 na bliana seo ón 1 - 17 Márta. Tuilleadh eolais agus clár na féile ar fáil ag www.snag.ie.

Grianghraif le Conor McCabe Photography.

Pictured are Seachtain na Gaeilge le Energia ambassadors Tracy Clifford, presenter with 2fm, Dublin footballer Michael Darragh MacAuley and Linda Ervine, Irish Language Development Officer in East Belfast.

This year's festival #SnaG19 will be celebrated from 1st - 17th March. For full line-up of events please visit www.snag.ie.

Picture Conor McCabe Photography.

# Ambasadóirí na Gaeilge 2019

## TRACY CLIFFORD



Is mise Tracy Clifford, láithreoir raidió le RTÉ 2FM. D'fhoghlaim mé Gaeilge do Bhliain na Gaeilge anuraidh agus d'éirigh liom clár a chraoladh beo as Gaeilge ón nGaelteacht. Táim ag súil go mór le bheith mar ambasadóir do Sheachtain na Gaeilge le Energia, is deis iontach dom leanúint le mo chuid Gaeilge agus níos mó Gaeilge a úsáid ó lá go lá.

## MICHAEL DARRAGH MACAULEY




Is mise Michael Darragh Macauley agus is peileadóir mé le Baile Átha Cliath. Ceapaim go bhfuil nasc láidir leis an nGaeilge agus le cluichí dúchais na hÉireann. Is féidir leat do chuid Gaeilge a úsáid i ngach gné de do shaol, fiú ag imirt spóirt, cosúil liom.

## LINDA ERVIN



Is mise Linda Ervine. Ocht mbliain ó shin ní raibh aon Ghaeilge agam, ní raibh fiú an focal 'fáilte' ar eolas agam. Faoi láthair táim ag obair mar oifigeach forbartha Gaeilge ag mealladh daoine i dtreo na Gaeilge ón bpobal aontachtach. Molaim duit aon Ghaeilge atá agat a úsáid le linn Sheachtain na Gaeilge le Energia.

## SIBÉAL NÍ CHASAIDE



Sibéal Ní Chasaide is ainm dom ó Ghaeltacht Ráth Chairn. Is amhránaí mé agus ghlac mé páirt i gCeol 2019 le leagan Gaeilge de Cranberries 'Linger'. Tá ríméad orm a bheith mar ambasadóir i mbliana mar táim an-mhórtasach as ár dteanga dúchais agus bím iontach brodúil í a labhairt ó lá go lá.




## DÉ HAOINE 1 MÁRTA

**Seoladh Oifigiúil Sheachtain na Gaeilge i Leitir Ceanainn le Clann Mhic Ruairí**

**Áit:** An Grianán, Leitir Ceanainn
**Am:** 1.00 i.n.
**Fá choinne:** Achan Duine
**Teagmháil:** Rannóg Gaeilge Chomhairle Contae Dhún na nGall: rmcclafferty@donegalcoco.ie 087 222 3468 nó sdaimhin@ccdhunnangall.ie 087 967 0985

**Lúcháir Leabhar i nDoire**

**Eagraithe ag:** Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin
**Dáta:** 1 Márta 2019
**Áit:** Halla na Cathrach, Doire
**Am:** 11 am – 1 pm
**Fá choinne:** Páistí scoile
**Táille:** Saor
**Teagmháil:** gaeilge@derrystrabane.com

**Pop-Up Gaeltacht ar an tSrath Bán**

**Eagraithe ag:** Gaelphobal an tSratha Báin
**Áit:** Tábhairne Christy
**Am:** 8pm - 10pm (agus seisiún ceoil go dtí go mall)
**Fá choinne:** Daoine fásta, cainteoirí líofa agus foghlaimeoirí Gaeilge
**Táille:** Saor
**Teagmháil:** sean_mor@outlook.ie

## DÉ SATHAIRN 2 MÁRTA

**Féile Lae Gaeilge, Ultaise agus Gáidhlig**
***One-Day Irish Language, Ulster Scots and Scots Gaelic Festival***

*Irish and Scots Gaelic language classes, all levels (10am – 4pm). Talk by David Dunlop on Ulster Scots identity 4pm – 5pm. Concert with Brí, Ulster Scots and Traditional Irish music*

**Eagraithe ag:** Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí
**Áit:** Ionad na Sruthaile, An Ómaigh / Strule Arts Centre, Omagh
**Am:** Ranganna 10am - 4pm. Caint 4pm. Ceolchoirm 8pm.
**Fá Choinne:** Gach duine
**Táille:** £5 do na ranganna. An chaint saor in aisce. £8 (agus £5 lacáiste) ar an cheolchoirm.
**Teagmháil:** Tuilleadh Eolais ag Kevin Goodwin kevin.goodwin@fermanaghomagh.com; Ticéidí agus áirithintí (028) 8224 7831 agus www.struleartscentre.co.uk nó culture@fermanaghomagh.com

**An Béal Binn, Comórtas Aithriseoireachta**

**Eagraithe ag:** Noel Ó Gallchóir
**Áit:** Pobalscoil Ghaoth Dobhair, An Luinnigh, Na Doirí Beaga
**Am:** 2pm
**Fá choinne:** Páistí scoile
**Teagmháil:** Tuilleadh eolais ó Shíle / Treasa @ 074 95 1 311

### Ciorcal Comhrá i Leitir Ceanainn

**Áit:** Bialann Moonshine, Bóthar an Phoirt, Leitir Ceanainn
**Am:** 12 meán lae gach Satharn
**Fá Choinne:** Gach duine
**Táille:** Saor, ach ceannaigh cupán deas tae nó caife duit féin!

### Grúpa Tuistí agus Leanaí in Iarthar Thír Eoghain

**Eagraithe ag:** Pobal ar an Iúl
**Áit:** Dún Uladh, An Ómaigh
**Am:** 10am - 12pm
**Fá choinne:** Tuismitheoirí agus Tachráin
**Táille:** saor in aisce
**Teagmháil:** Tuilleadh eolais ó Michaelinepaai@gmail.com

## DÉ DOMHNAIGH 3 MÁRTA

### Grúpa Siúlóide le Pobal ar an Iúl, Ceantar na hÓmaí i dTír Eoghain

*Siúlóid 10km ó Chnoc an tSalainn go Sliabh Beagh, Clochar (lánaí tuaithe, cosáin agus fraogh)*

**Eagraithe ag:** Grúpa Siúlóide Phobal ar an Iúl
**Áit:** Sliabh Beagh, Clochar
**Am:** Ag bualadh le chéile ag Óstán Sliabh Beagh, An Ómaigh ar 10.30am, nó Cnoc an tSalainn ar 11.30am
**Fá choinne:** Daoine fásta, cainteoirí líofa agus foghlaimeoirí Gaeilge
**Teagmháil:** Tuilleadh eolais ar www.pobalaraniul.com

## DÉ LUAIN 4 MÁRTA

### Damhsa Hip Hop i Leitir Ceanainn

**Eagraithe ag:** Líonra Leitir Ceanainn
**Áit:** Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn
**Am:** 6.30pm - 7.30 go ceann ceithre seachtaine
**Fá Choinne:** Gach duine
**Táille:** €10 don chúrsa ar fad
**Teagmháil:** Líonra Leitir Ceanainn, lionralc@gmail.com

### Scéalaíocht le Seamas MacAnnaidh

**Áit:** Leabharlann Phobail na Rosann
**Am:** 10.00 rn
**Fá Choinne:** Páistí scoile 8 - 12 bliain d'aois
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 074 952 2500

## DÉ MÁIRT 5 MÁRTA

### Taispeántas ó Scoil Cheoil na Crannóige

**Eagraithe ag:** Scoil Cheoil na Crannóige
**Áit:** Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Na Doirí Beaga
**Am:** 6pm
**Fá choinne:** An Pobal uilig
**Teagmháil:** Tuilleadh eolais ó Mharina Nic Giolla Bhríde – 074 9532208




### Biongó

| | |
|---|---|
| **Áit:** | Leabharlann Bhaile Dhún na nGall |
| **Am:** | 10.30 r.n. |
| **Fá Choinne:** | Páistí |
| **Táille:** | Saor in aisce |
| **Teagmháil:** | 071 972 5329 |

### Biongó

| | |
|---|---|
| **Áit:** | Leabharlann Charn Domhnach |
| **Am:** | 10.00 r.n. |
| **Fá Choinne:** | Páistí |
| **Táille:** | Saor in aisce |
| **Teagmháil:** | 074 937 3701 |

### Ciorcal Comhrá na Comhairle Contae i Leitir Ceanainn

| | |
|---|---|
| **Áit:** | Ionad Seirbhísí Poiblí Leitir Ceanainn |
| **Am:** | 10.15am |
| **Fá Choinne:** | Oibrithe na Comhairle Contae agus Comhairleoirí Contae |
| **Táille:** | Saor in aisce |
| **Teagmháil:** | Rannóg Gaeilge Chomhairle Contae Dhún na nGall: rmcclafferty@donegalcoco.ie 087 222 3468 nó sdaimhin@ccdhunnangall.ie 087 967 0985 |

## DÉ CÉADAOIN 6 MÁRTA

### Lón Gaelach agus Ciorcal Comhrá i gCoill an Chlochair, Tír Eoghain

| | |
|---|---|
| **Eagraithe ag:** | Pobal ar an Iúl |
| **Áit:** | The Village Inn, Coill an Chlochair |
| **Am:** | 1pm |
| **Táille:** | £10 an duine |
| **Fá choinne:** | Gach duine |
| **Teagmháil:** | Tuilleadh eolais ó Michaelinepaai@gmail.com |

### Lá na Meán Sóisialta #LNMS19

*Beidh Lá na Meán Sóisialta #LNMS19 á reáchtáil i scoileanna áitiúla, ar líne, agus go hidirnáisiúnta le fás agus forbairt na teanga ar líne a cheiliúradh*

| | |
|---|---|
| **Áit:** | Úsáid do chuid Gaeilge an lá ar fad ar na meáin shóisialta |
| **Am:** | ó dhubh go dubh! |
| **Fá Choinne:** | Gach duine ar fud na cruinne a bhfuil Gaeilge acu nó cúpla focal acu |
| **Táille:** | Saor in aisce |

### Ciorcal Comhrá na Comhairle Contae i Leitir Ceanainn

**Áit:** Ionad Seirbhísí Poiblí Leitir Ceanainn
**Am:** 10.15am
**Fá Choinne:** Oibrithe na Comhairle Contae agus Comhairleoirí Contae
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** Rannóg Gaeilge Chomhairle Contae Dhún na nGall: rmcclafferty@donegalcoco.ie 087 222 3468 nó sdaimhin@ccdhunnangall.ie 087 967 0985

### Biongó

**Áit:** Leabharlann Phobail Béal Átha Seanaidh
**Am:** 10.30 r.n.
**Fá Choinne:** paistí scoile
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 071 985 8824

### Am Ríme

**Áit:** An Lárleabharlann, Leitir Ceanainn
**Am:** 11.00 rn
**Fá Choinne:** Páistí
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 074 912 4950

## DÉARDAOIN 7 MÁRTA

### Damhsa ar an Sean Nós

**Áit:** Leabharlann Phobail Bhun Cranncha
**Am:** 10.00 -12.00
**Fá choinne:** Páistí scoile
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 074 936 1941

### Crannchur Scoláireachtaí Gaeltachta beo ar Barrscéalta

**Áit:** Stúideó Dhoirí Beaga, Raidió na Gaeltachta
**Am:** 11am go dtí 12pm
**Fá Choinne:** Daltaí scoile a bhfuil iarratas déanta acu ar an Scéim Scoláireachta
**Teagmháil:** Rannóg Gaeilge Chomhairle Contae Dhún na nGall: rmcclafferty@donegalcoco.ie 087 222 3468 nó sdaimhin@ccdhunnangall.ie 087 967 0985

### Siúlóid i nGaeltacht Thír Chonaill

**Eagraithe ag:** Áislann Rann na Feirste / Ionad Naomh Pádraig, Dobhar
**Áit:** Ó Theach Pháidí Óig go hIonad Naomh Pádraig i nDobhar
**Am:** 5pm
**Fá choinne:** An Pobal
**Tuilleadh Eolais:** 074 956 2222 nó aislannrnaf@gmail.com




### Coirm Ghael Linn

Tá sé mar aidhm ag COIRM lucht bunscoile a spreagadh le seó i nGaeilge a chur ar an ardán a léireoidh na tallanna éagsúla atá ag daltaí na scoile, bídís ón rang céanna nó ó ranganna éagsúla. Sa tslí seo táimid ag súil le meas agus spéis na bpáistí sa Ghaeilge a neartú agus deis a thabhairt dóibh í a chleachtadh chomh maith. Tá Coirm dírithe go príomha ar ghaelscoileanna agus ar bhunscoileanna Gaeltachta.

**Eagraithe ag:** Gael Linn
**Áit:** Amharclann Ghaoth Dobhair
**Am:** 10.30am Déardaoin, go dtí 4pm Dé hAoine
**Fá choinne:** Páistí scoile, múinteoirí, tuismitheoirí etc
**Teagmháil:** 074 953 2687

## DÉ HAOINE 8 MÁRTA

### Lá Idirnáisiúnta na mBan i Leitir Ceanainn

***Gearrscannán, Tae, Ceol agus Comhrá le haghaidh Ban***

**Áit:** Músaem an Chontae, An Bóthar Ard, Leitir Ceanainn
**Am:** 7.30pm
**Fá Choinne:** Mná, idir óg agus aosta
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** Rannóg Gaeilge Chomhairle Contae Dhún na nGall: rmcclafferty@donegalcoco.ie 087 222 3468

### Maidin Chaife sna Dúnaibh

**Eagraithe ag:** Coiste Céim Aniar
**Áit:** Áras Ros Goill, Na Dúnaibh
**Am:** 11am -1pm
**Fá choinne:** Achan duine
**Teagmhail:** 074 915 4830/086 268 1915 ceimaniar@eircom.net

### Ceolchoirm le Comhaltas Ceoltóirí Éireann ar an Chlochán Liath

*Neart ceoil, damhsa agus amhránaíochta*

**Eagraithe ag:** Comhaltas an Chlocháin Léith agus Seirbhís Leabharlainne na Comhairle Contae
**Áit:** Ionad Teampall Chróine
**Am:** 7.30pm
**Táille:** saor in aisce
**Teagmhail:** Fiona, Leabharlann na Rosann

### Tráth na gCeist sna Dúnaibh
**Eagraithe ag:** Coiste Céim Aniar
**Áit:** Le deimhniú. Coinnigh súil ar an ghrúpa seo ar Facebook.
**Am:** 9pm
**Fá choinne:** Daoine fásta
**Táille:** €10 an fhoireann. Triúr ar an fhoireann.
**Teagmhail:** 074 915 4830/086 268 1915 ceimaniar@eircom.net

### Féile Gaeilge Rann na Feirste
**Áit:** Áislann Rann na Feirste
**Am:** 7pm Oscailt Oifigiúil na Féile agus Bronnadh Duaiseanna. Coirm Pháistí. Sólaistí agus Cóisir agus Comóradh Dhuais Ghlór na nGael.
**Fá choinne:** An Pobal
**Tuilleadh Eolais:** Áislann Rann na Feirste 074 956 2222 nó aislannrnaf@gmail.com

### Comórtas Ealaíne do Pháistí i bhFánaid
**Eagraithe ag:** Gaeltacht Bheo Fhánada
**Áit:** Scoileanna Fhánada
**Am:** le linn Sheachtain na Gaeilge
**Fá choinne:** Daltaí scoile
**Táille:** Saor
**Teagmháil:** Leathanach Facebook Gaeltacht Bheo Fhánada nó Éimear @ 083 809 1199

### Ceardlann Chartúin le Jarla Duffy
**Áit:** An Lárleabharlann Leitir Ceanainn
**Am:** 10.00 r.n.
**Fá Choinne:** Páistí
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmhail:** 047 912 4950

### Lá Idirnáisiúnta na mBan i nDoire
**Eagraithe ag:** Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin
**Áit:** Cultúrlann Uí Chanáin, Doire
**Am:** 11 am – 1 pm
**Fá choinne:** Daltaí meánscoile
**Táille:** Saor
**Teagmháil:** gaeilge@derrystrabane.com

### Ceardlann Chartúin le Jarla Duffy
**Áit:** Leabharlann an Dá Bhaile
**Am:** 12.00
**Fá Choinne:** Páistí
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmhail:** 074 9175 384

### Biongó
**Áit:** Leabharlann Charn Domhnach
**Am:** 10.00 r.n.
**Fá Choinne:** Páistí
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmhail:** 074 937 3701




### Scéalaíocht le Breege Ward

**Áit:** Leabharlann Phobail Bhéal Átha Seanaidh
**Am:** 10.00 rn
**Fá Choinne:** Páistí Scoile 4-9 bliain d'aois
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 071 985 8824

### Scéalaíocht le Breege Ward

**Áit:** Leabharlann Phobail Bhun Dobhráin
**Am:** 12.00
**Fá Choinne:** Páistí Scoile 4-9 bliain d'aois
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 071 982 9665

### Scéalaíocht le Séamus Mac Annaidh

**Áit:** Leabharlann Bhun an Phobail
**Am:** 11.00 rn
**Fá Choinne:** Páistí scoile 8 -12 bliain d'aois
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 074 938 5110

### Scéalaíocht le Séamus Mac Annaidh

**Áit:** Leabharlann Charn Domhnach
**Am:** 1.00 i.n.
**Fá Choinne:** Páistí scoile 8 -12 bliain d'aois
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 074 937 3701

### Picnic na dTeidithe i nDobhar

**Eagraithe ag:** Coiste Forbartha Dhobhair Teo.
**Áit:** Ionad Naomh Pádraig, Dobhar
**Am:** 11am - 1pm
**Fá Choinne:** Tuismitheoirí agus Tachráin
**Táille:** €4
**Teagmháil:** Máire Uí Chomhaill: 074 953 2949 ionadnp@gmail.com

## DÉ SATHAIRN 9 MÁRTA

### Oíche Mhór Ghaelach i Leitir Ceanainn

*Teacht le chéile mór, béile, agus ceol den scoth*

**Eagraithe ag:** Líonra Leitir Ceanainn
**Áit:** Óstán an Castlegrove
**Am:** Fáiltiú @ 7pm agus Béile @ 7.30pm
**Fá Choinne:** An Pobal
**Táille:** €25
**Teagmháil:** Ticéid ar fáil ó Líonra Leitir Ceanainn, lionralc@gmail.com

### Cúrsa i gCruinneas Gaeilge i nDoire

**Eagraithe ag:** Cultúrlann Uí Chanáin, Doire
**Áit:** Cultúrlann Uí Chanáin, Mórshráid Shéamuis, Doire
**Am:** 10am – 1pm
**Táille:** £10
**Teagmháil:** Le háit a chur in áirithe déan teagmháil le Sara ag sara@culturlann.org nó 028 7126 4132

### Dianchúrsa an Fháinne

*Dianchúrsa lae ag trí leibhéal. Ó Chúpla Focal go Fáinne Airgid*

**Eagraithe ag:** Cultúrlann Uí Chanáin, Doire
**Áit:** Cultúrlann Uí Chanáin, Mórshráid Shéamuis, Doire
**Am:** 10am
**Táille:** £15
**Teagmháil:** Le háit a chur in áirithe déan teagmháil le Sara ag sara@culturlann.org nó 028 7126 4132

### Ciorcal Comhrá i Leitir Ceanainn

**Áit:** Bialann Moonshine, Bóthar an Phoirt, Leitir Ceanainn
**Am:** 12 meán lae gach Satharn
**Fá Choinne:** Gach duine
**Táille:** Saor, ach ceannaigh cupán deas tae nó caife duit féin!

### Afternoon Taster Course in Irish Language for Beginners

**Eagraithe ag:** Cultúrlann Uí Chanáin, Doire
**Áit:** Cultúrlann Uí Chanáin, Great James Street, Derry
**Am:** 1.30
**Táille:** £10
**Teagmháil:** To book a place contact Sara ag sara@culturlann.org nó 028 7126 4132

### Agallaimh don Fháinne Óir

**Eagraithe ag:** Gaeltacht Bheo Fhánada
**Áit:** Halla Fán a' Bhualtaigh
**Am:** 11am
**Fá choinne:** Gach duine
**Teagmháil:** Leathanach Facebook Gaeltacht Bheo Fhánada nó Éimear @ 083 809 1199

### Abair Amach - Comórtais Aithriseoireachta do Pháistí i Rann na Feirste

**Áit:** Áislann Rann na Feirste
**Am:** 11am go dtí 4pm.
**Fá choinne:** Páistí, Teaghlaigh, An Pobal
**Tuilleadh Eolais:** Áislann Rann na Feirste 074 956 2222 nó aislannrnaf@gmail.com

### Comórtas Scéalaíochta agus Filíochta i Rann na Feirste agus Oíche Airneáil

**Áit:** Áislann Rann na Feirste
**Am:** 8pm
**Fá choinne:** Daoine fásta
**Tuilleadh Eolais:** Áislann Rann na Feirste 074 956 2222 nó aislannrnaf@gmail.com

### Láinseáil CD/Leabhair 'Polcaphonc' in Amharclann Ghaoth Dobhair

*Le Doiminic Mac Giolla Bhríde*

**Áit:** Amharclann Ghaoth Dobhair
**Am:** 6pm
**Fá Choinne:** An Pobal i gcoitinne
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 074 953 2687




## DÉ DOMHNAIGH 10 MÁRTA

### Siúlóid ar Oileán Ghabhla le Séamus Doohan

**Eagraithe ag:** Rannóg Gaeilge Chomhairle Contae Dhún na nGall
**Áit:** Ag fágáil Oifig Turasóireachta (Tourist Office), Leitir Ceanainn ar 9.45am, nó Cé Mhachaire Gathlán (Pier) ag 10.45am.
**Am:** 1.00 i.n.
**Fá Choinne:** Gach duine. Fáilte roimh fhoghlaimeoirí / Irish language learners welcome. Is gá áit a chur in áirithe (féach thíos) / reservation must be made (see below)
**Táille:** €5 (chun cuidiú le costais an bháid)
**Teagmháil:** Le áit a chur in áirithe déan teagmháil le rmcclafferty@donegalcoco.ie 087 222 3468 nó Séamus Doohan 074 916 5443

### Seisiún Ceoil Teaghlaigh i Leitir Ceanainn

**Eagraithe ag:** Gaeil Leitir Ceanainn i gcomhar le Líonra Leitir Ceanainn
**Áit:** Óstán an Silver Tassie
**Am:** 3pm go dtí 5pm
**Fá Choinne:** Teaghlaigh
**Táille:** saor
**Teagmháil:** Líonra Leitir Ceanainn, lionralc@gmail.com

## DÉ LUAIN 11 MÁRTA

### Siúlóid suas Gleann na mBuachaill agus Tae i mBaile na Finne

**Eagraithe ag:** Forbairt Eachla CTR
**Áit:** Forbairt Eachla, Baile na Finne F94 X312
**Am:** 9.30am
**Fá choinne:** Daoine fásta agus an pobal i gcoitinne
**Táille:** Saor
**Teagmháil:** Caitlín Ní Bhroin forbairteachla@gmail.com

### Bácáil Thraidisiúnta

**Eagraithe ag:** Coiste Forbartha Dhobhair Teo.
**Áit:** Ionad Naomh Pádraig, Dobhar
**Am:** 4pm – 5.30pm
**Fá Choinne:** Páistí
**Táille:** €5
**Teagmháil:** Máire Uí Chomhaill: 074 95 32949 ionadnp@gmail.com

### Seoladh Dhá Leabhar i nDoire

***'Gaois na nAoiseanna' in eagar ag Risteard Mac Gabhann, agus 'Sliocht ar Thír na Scáth', leabhar le Breandán Ó Doibhlin curtha i láthair ag an Athar Oilibhéar Ó Croiligh.***

**Eagraithe ag:** Cultúrlann Uí Chanáin i gcomhar le Coiscéim
**Áit:** Cultúrlann Uí Chanáin, Mórshráid Shéamuis, Doire
**Am:** 7pm
**Teagmháil:** Sara ag sara@culturlann.org nó (028) 71264132

### Damhsa ar an Sean-Nós le Frank agus Eileen Sweeney

**Áit:** Leabharlann Phobail na Rosann
**Am:** 10.00 r.n.
**Fá Choinne:** Páistí scoile
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 0749522500

### Féile Áitiúil Scoildrámaíochta

**Eagraithe ag:** An Cumann Scoildrámaíochta
**Áit:** Amharclann Ghaoth Dobhair, Na Doirí Beaga
**Am:** 11ú agus 12ú Márta, iomlán lae
**Fá choinne:** An pobal uilig
**Teagmháil:** Amharclann Ghaoth Dobhair

### Damhsa ar an Sean-Nós le Frank agus Eileen Sweeney

**Áit:** Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair
**Am:** 12.00
**Fá Choinne:** Páistí scoile
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 0749560862

## DÉ MÁIRT 12 MÁRTA

### Seó Puipéad le Little Gem Puppets

**Áit:** An Lárleabharlann, Leitir Ceanainn
**Am:** 10.00 r.n.
**Fá Choinne:** Páistí scoile
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 074 912 4950

### Seó Puipéad le Little Gem Puppets

**Áit:** Leabharlann Ráth Bhoth
**Am:** 1.00 i.n.
**Fá Choinne:** Páistí scoile
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 074 914 4115

### Scéalaíocht le Breege Ward

**Áit:** Leabharlann Bhaile Dhún na nGall
**Am:** 10.30 r.n.
**Fá Choinne:** Páistí scoile
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 071 972 5329

### Ciorcal Comhrá na Comhairle Contae i Leitir Ceanainn

**Áit:** Ionad Seirbhísí Poiblí Leitir Ceanainn
**Am:** 10.15am
**Fá Choinne:** Oibrithe na Comhairle Contae agus Comhairleoirí Contae
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** Rannóg Gaeilge Chomhairle Contae Dhún na nGall: rmcclafferty@donegalcoco.ie 087 222 3468 nó sdaimhin@ccdhunnangall.ie 087 9670 985




## DÉ CÉADAOIN 13 MÁRTA

### Grúpa Tuistí agus Tachrán – Cairdeas agus Spraoi i mBaile na Finne

**Eagraithe ag:** Forbairt Eachla CTR
**Áit:** Forbairt Eachla, Baile na Finne F94 X312
**Am:** 10.30am
**Fá choinne:** Tuismitheoirí agus cúramóirí le páistí idir 0-3 bliana d'aois
**Táille:** Saor
**Teagmháil:** Caitlín Ní Bhroin forbairteachla@gmail.com

### Cuisle Seanchais – Abair Leat – Stair Áitiúil

**Eagraithe ag:** Coiste Forbartha Dhobhair Teo.
**Áit:** Ionad Naomh Pádraig, Dobhar
**Am:** 8pm
**Fá Choinne:** Daoine fásta, páistí scoile, an pobal i gcoitinne
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** Máire Uí Chomhaill: 074 953 2949 ionadnp@gmail.com

### Scéalaíocht le Breege Ward Gruffalo- An Garbhán (The Gruffalo)

**Áit:** Leabharlann Dhá Bhaile
**Am:** 12.00
**Fá Choinne:** Páistí scoile
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 074 917 5384

### Seó Puipéad le Little Gem Puppets

**Áit:** Leabharlann Charn Domhnach
**Am:** 10.00 r.n.
**Fá Choinne:** Páistí scoile
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 074 937 3701

### Seó Puipéad le Little Gem Puppets

**Áit:** Leabharlann Phobail Bhun Cranncha
**Am:** 1.00 i.n.
**Fá Choinne:** Páistí scoile
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 074 936 1941

### Ciorcal Comhrá na Comhairle Contae ar an Chlochán Liath

**Áit:** An Seomra Tae, Ionad Seirbhísí Poiblí an Chlocháin Léith
**Am:** 10.15am
**Fá Choinne:** Oibrithe na Comhairle Contae agus Comhairleoirí Contae
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** Máire Ní Fhearraigh, Oifigeach Turasóireachta Gaeltachta, Comhairle Contae Dhún na nGall. mairenifh@donegalcoco.ie

## DÉARDAOIN 14 MÁRTA

### Club Leabhar Gaeilge an Iarthuaiscirt i Leitir Ceanainn

*Caint le Michelle Nic Pháidín, agus plé ar a húrscéal Fuascailt an Iriseora*

**Áit:** Músaem an Chontae, An Bóthar Ard, Leitir Ceanainn
**Am:** 7.30pm
**Fá Choinne:** Achan Duine
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** Rannóg Gaeilge Chomhairle Contae Dhún na nGall: rmcclafferty@donegalcoco.ie 087 222 3468 nó sdaimhin@ccdhunnangall.ie 087 967 0985

### Scéal na mBallaí: 400 Bliain - i nDoire

**Eagraithe ag:** Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin
**Áit:** Leabharlann na Cathrach, Doire
**Am:** 11 am – 1 pm
**Fá choinne:** Páistí scoile
**Táille:** Saor
**Teagmháil:** gaeilge@derrystrabane.com

### Oíche Scannánaíochta i nDoire – Black 47

**Eagraithe ag:** Cultúrlann Uí Chanáin
**Áit:** Cultúrlann Uí Chanáin
**Am:** 8pm - 10pm
**Teagmháil:** Tuilleadh eolais ó +44 28 7126 4132 nó www.culturlann.org

### Oíche Scéalaíochta ag Club Óige Dhobhair

**Eagraithe ag:** Coiste Forbartha Dhobhair Teo.
**Áit:** Ionad Naomh Pádraig, Dobhar
**Am:** 6pm go dtí 8pm
**Fá Choinne:** Páistí Chlub Óige Dhobhair
**Táille:** €3
**Teagmháil:** Máire Uí Chomhaill: 074 953 2949 ionadnp@gmail.com

### Seó Puipéad le Little Gem Puppets

**Áit:** Leabharlann Dá Bhaile
**Am:** 10.00 r.n.
**Fá Choinne:** Páistí scoile
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 074 917 5384

### Seó Puipéad le Little Gem Puppets

**Áit:** Leabharlann Bhaile na nGallóglach
**Am:** 1.00 i.n.
**Fá Choinne:** Páistí scoile
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 074 915 3927

### Scéalaíocht le Séamus Mac Annaidh

**Áit:** Leabharlann Bhaile Dhún na nGall
**Am:** 10.00 r.n.
**Fá Choinne:** Páistí scoile
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 074 972 5329




### Scéalaíocht le Séamus Mac Annaidh

**Áit:** Leabharlann Phobail Bhun Dobhráin
**Am:** 12.00
**Fá Choinne:** Páistí scoile
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 071 982 9665

### Tráth na gCeist Bunscoile i bhFánaid

**Eagraithe ag:** Gaeltacht Bheo Fhánada
**Áit:** Scoil Mhuire, Caiseal
**Am:** 11am
**Fá choinne:** Páistí bunscoile
**Teagmháil:** Leathanach Facebook Gaeltacht Bheo Fhánada nó Éimear @ 083 809 1199

### Yoga le Óga Yoga le haghaidh Meánscoileanna i dTír Eoghain

**Eagraithe ag:** Pobal ar an Iúl
**Áit:** Ceantar na hÓmaí
**Fá choinne:** Daltaí meánscoile
**Teagmháil:** Tuilleadh eolais ó Michaelinepaai@gmail.com

### Blaiseadh Beag Fealsúnachta le Martina Mac Briartaigh

*Labhróidh Martina faoi thábhacht na fealsúnachta don ghnáthdhuine*

**Áit:** Oifigí Chomhairle Contae Dhún na nGall, Leitir Ceanainn
**Am:** 12.30 go dtí 1pm (am lóin)
**Fá Choinne:** Oibrithe de chuid Chomhairle Contae Dhún na nGall
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** Rannóg Gaeilge Chomhairle Contae Dhún na nGall: rmcclafferty@donegalcoco.ie 087 222 3468 nó sdaimhin@ccdhunnangall.ie 087 967 0985

## DÉ HAOINE 15 MÁRTA

### Tráth na gCeist i bhFánaid

**Eagraithe ag:** Gaeltacht Bheo Fhánada
**Áit:** Tábhairne Theach an tSolais
**Am:** 10pm
**Fá choinne:** Daoine fásta
**Táille:** €5 an duine
**Teagmháil:** Leathanach Facebook Gaeltacht Bheo Fhánada nó Éimear @ 083 809 1199

### Gaeilge Shnasta agus Bia Blasta i nDobhar

**Eagraithe ag:** Coiste Forbartha Dhobhair Teo.
**Áit:** Ionad Naomh Pádraig, Dobhar
**Am:** 11am go dtí 2pm
**Fá Choinne:** Daoine fásta, páistí scoile, an pobal i gcoitinne
**Táille:** €5
**Teagmháil:** Máire Uí Chomhaill: 074 953 2949 ionadnp@gmail.com

### Scéalaíocht le Breege Ward An Garbhán(The Gruffalo)

**Áit:** An Lárleabharlann
**Am:** 10.00 r.n.
**Fá Choinne:** Páistí scoile
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 0749172726

### Scéalaíocht le Breege Ward An Garbhán(The Gruffalo)

**Áit:** Leabharlann Leifir
**Am:** 12.00
**Fá Choinne:** Páistí scoile
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** 0749124950

### Cúrsaí Gaeilge i nGleann Cholm Cille

**Eagraithe ag:** Oideas Gael
**Áit:** Gleann Cholm Cille, Contae Dhún na nGall
**Am:** 15-18 Márta
**Fá choinne:** Daoine fásta
**Táille:** €110
**Teagmháil:** Oideas Gael: 074 9730248

### Lá Gaelach agus Béile na Gaeilge i Scoileanna Fhánada

**Eagraithe ag:** Gaeltacht Bheo Fhánada
**Áit:** Scoileanna Fhánada
**Fá choinne:** Daltaí scoile
**Teagmháil:** Leathanach Facebook Gaeltacht Bheo Fhánada nó Éimear @ 083 809 1199

### Blaiseadh Beag Ióga ag Am Lóin le Carmel Sweeney

*Caith éadaí compordach scaoilte ar an lá!*

**Áit:** Ionad Seirbhísí Poiblí Leitir Ceanainn
**Am:** 12.30 - 1.15pm
**Fá Choinne:** Oibrithe na Comhairle Contae agus Comhairleoirí Contae
**Táille:** Saor in aisce
**Teagmháil:** Rannóg Gaeilge Chomhairle Contae Dhún na nGall: rmcclafferty@donegalcoco.ie 087 2223468 nó sdaimhin@ccdhunnangall.ie 0879670985




## DÉ SATHAIRN 16 MÁRTA

### Oíche Cheoil agus Airneáil i bhFánaid Le Diane Ní Chanainn

**Eagraithe ag:** Gaeltacht Bheo Fhánada
**Áit:** Teach Solais Fhánada
**Am:** 7.30pm
**Fá choinne:** Fáilte roimh gach duine
**Táille:** saor in aisce
**Teagmháil:** Leathanach Facebook Gaeltacht Bheo Fhánada nó Éimear @ 083 809 1199

### Siúlóid agus Siamsaíocht sa Halla ina dhiaidh i mBaile na Finne

**Eagraithe ag:** Forbairt Eachla CTR
**Áit:** Forbairt Eachla, Baile na Finne F94 X312
**Am:** 12 meán lae
**Fá choinne:** An pobal ar fad, óg agus aosta, agus teaghlaigh
**Táille:** Saor
**Teagmháil:** Caitlín Ní Bhroin forbairteachla@gmail.com

### Lá Teaghlaigh i dTír Eoghain

**Eagraithe ag:** Pobal ar an Iúl
**Áit:** Ionad Cuairteoirí an Chreagáin, ar an taobh eile den Ómaigh
**Am:** 2pm - 5pm
**Fá choinne:** Teaghlaigh
**Teagmháil:** Tuilleadh eolais ó Michaelinepaai@gmail.com

### Rith sa Pháirc i Leitir Ceanainn

**Áit:** Páirc an Bhaile, Leitir Ceanainn
**Am:** 9.30am
**Fá Choinne:** an pobal i gcoitinne
**Táille:** Saor in aisce

### Ciorcal Comhrá i Leitir Ceanainn

**Áit:** Bialann Moonshine, Bóthar an Phoirt, Leitir Ceanainn
**Am:** 12 meán lae gach Satharn
**Fá Choinne:** Gach duine
**Táille:** Saor, ach ceannaigh cupán deas tae nó caife duit féin!

## DÉ DOMHNAIGH 17 MÁRTA

### Paráid na Féile Pádraig i nGaoth Dobhair

**Eagraithe ag:** Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair
**Áit:** ag toiseacht ag croisbhealach an Bhun Bhig
**Am:** 2.30pm
**Fá choinne:** An Pobal uilig
**Teagmháil:** Cathal Ó Gallchóir 074 9532208

### Damhsa ar an Sean-nós agus Ceol i nGaeilge ar an Ómaigh

**Eagraithe ag:** Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí
**Áit:** Ionad na Sruthaile, An Ómaigh / Strule Arts Centre, Omagh
**Am:** 2.30pm
**Fá Choinne:** Gach duine
**Teagmháil:** Tuilleadh Eolais ag Kevin Goodwin kevin.goodwin@fermanaghomagh.com; nó (028) 8224 7831 agus www.struleartscentre.co.uk

### Lá Spraoi i nDoire

**Eagraithe ag:** Cultúrlann Uí Chanáin
**Áit:** Cultúrlann Uí Chanáin
**Am:** 10am go dtí 9pm
**Teagmháil:** Tuilleadh eolais ó +44 28 7126 4132 nó www.culturlann.org

### Aifreann Gaeilge Lá Fhéile Pádraig i bhFánaid

**Eagraithe ag:** Gaeltacht Bheo Fhánada
**Áit:** Teach Pobail Fhán an Bhualtaigh
**Am:** 11am
**Fá choinne:** An pobal i gcoitinne

### Preab-Ghaeltacht Lá Fhéile Pádraig

**Eagraithe ag:** Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin
**Áit:** Sráid an Bhuistéara, An Srath Bán
**Am:** 2 pm - 5pm
**Fá choinne:** Daoine fásta/Páistí scoile/Pobal i gcoitinne
**Táille:** Saor
**Teagmháil:** gaeilge@derrystrabane.com

# RTÉ Raidió na Gaeltachta i dTír Chonaill

## Nuacht




Cuireann seomra nuachta RnaG Dhoirí Beaga seirbhís chuimsitheach nuachta ar fáil don phobal. Bíonn Nuacht an Tuaiscirt le cluinstin gach lá den tseachtain mar chuid de sheirbhís nuachta RnaG. Bíonn an chéad tuairisc nuachta ag 8 rn , agus an ceann deiridh ag 6.00 in ó Luan go hAoine, agus ó 12 in go dtí 6 in Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh. I measc na léitheoirí ó thuaidh tá Frances Nic Géadaigh, Aodh Máirtín Ó Fearraigh agus Maighréad Uí Annluain.

## Spórt: Damien Ó Dónaill



Tráchtaire spóirt le RTÉ RnaG. Bíonn Damien le cloisteáil i mbun tráchtaireachta ar chláir spóirt RTÉ RnaG Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh. Spórt an tSathairn 2-6, Spórt an Lae, Dé Domhnaigh 1.50-6. Is é Damien léiritheoir clár Rónán Beo@3 chomh maith. Craoltar an clár gach Déardaoin agus Aoine 3-5. Bronnadh Gradam IMRO ar chlár Rónán Beo @3 sa rannóg craoltóireacht le Gaeilge 2018 agus bronnadh Réalt Óg na Bliana ar Damien ar na mallaibh ag Gradam Cumarsáide an Oireachtais mar gheall ar a chuid oibre le RTÉ RnaG.

## Barrscéalta



Seo clár irise an iarthuaiscirt. Áine Ní Churráin a chuireann an clár i láthair gach lá ó Luan go hAoine ag 11 rn , le gach cinéal ábhar a bhaineann le pobal Dhún na nGall sa bhaile agus i gcéin, agus scéalta as Na Sé Chontae, an Cabhán agus Muineachán fosta. Twitter @ barrscealta1.

The programme covers diverse topics of interest to Donegal people at home and abroad, as well as stories from the six counties, Cavan and Monaghan.

## Ronan Beo
## 3pm -5pm Déardaoin-Dé hAoine



Mixture maxture a bhíonn le cloisteáil ar an gclár seo, mar a deir Rónán féin, idir throm agus éadrom - ceol, siamsaíocht, agallaimh, cúrsaí sláinte, cócaireacht, scéalta nuachta, agus na saineolaithe focal.

Tá stiúideo ag RTÉ Raidió na Gaeltachta i nDoirí Beaga i nGaeltacht Thír Chonaill, agus craoltar rogha leathan cláracha ón cheantar gach lá den tseachtain. Is féidir éisteacht leo ar 92-94 fm agus ar líne ag www.rte.ie/rnag, áit a bhfuil podchraoltaí le fáil fosta. Tá siad ar Sky ar chainéal 0166 nó 905 ar Virgin. Is féidir leat nasc a dhéanamh leo ar Facebook agus ar Twitter.

## Cas Ceirnín:
## 13:20 - 14:00 Dé Sathairn



Clár iarratais - ceoil agus amhráin - á chur i láthair beo ó stiúideo Dhoirí Beaga ag Pádraig Ó Braonáin gach Satharn.

Music requests programme, presented by Pádraig Ó Braonáin, live from RTÉ Raidió na Gaeltachta's Doirí Beaga studios in Co. Donegal.

## Fógraí

Bíonn fógraí ó Thír Chonaill – earraí le díol nó le ceannach, imeachtaí, seomraí ar cíos srl – le cluinstin ó Luan go hAoine 6.30 in ar Fógraí an Lae. Damien Ó Dónaill a chuireann na fógraí i láthair.

## Blas: 18:30-19:00 Dé Sathairn

Scéalta beaga agus móra phobal na Gaeilge ar fud an tuaiscirt. Comhchraoladh le BBC Raidió Uladh.

The programme covers stories of interest to the Irish speaking community of the six counties..

## Tús Áite
## 17:00-17:55 Luan-Aoine



Clár cúrsaí reatha á chur i láthair ag Michelle Nic Grianna ón Lárionad Raidió i mBaile Átha Cliath. Scéalta náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhíonn faoi chaibidil ar an gclár, le plé, anailís agus tuairiscí.
Bíonn míreanna rialta ann freisin, le painéal an Luain, léirmheas ar na meáin Ghaeilge, spléachadh ar na nuachtáin idirnáisiúnta agus na nuachtáin áitiúla, an mhír spóirt Dé hAoine, súil siar na seachtaine agus Mír na Siamsaíochta gach Aoine le Banríon na Siamsaíochta Sinéad Ní Uallacháin.

Ruaille buaille

Dé Máirt 8.30

Highland Radio
Ireland's No.1 Local Station

Craoltar Ruaille Buaille ar Highland Radio achan tráthnóna Dé Máirt ag 8.30, á chur i láthair ag Colm Feiritéar. Clár beo atá ann le scoth an cheoil, aithriseoireacht agus aisteoireacht ón iarthuaisceart. Cuirtear fáilte roimh Ghaeilgeoirí d'achan chumas agus d'achan aois cluas na héisteachta a thabhairt don chlár nó a bheith páirteach ar Ruaille Buaille.

Údarás na Gaeltachta

## Ról

Bunaíodh Údarás na Gaeltachta sa bhliain 1980. Tá an ghníomhaireacht Stáit seo freagrach as forbairt eacnamaíochta, shóisialta agus chultúrtha na Gaeltachta. Is é caomhnú agus láidriú na Gaeilge mar theanga bheo, le cois í a thabhairt mar oidhreacht don chéad ghlúin eile, an bunchuspóir atá le polasaí Údarás na Gaeltachta. Déanann an tÚdarás gach iarracht an cuspóir seo a bhaint amach trí fhorbairt fiontraíochta agus tionscnaimh chruthaithe fostaíochta a chothú agus a mhaoiniú, chomh maith le tacaíocht a thabhairt d'imeachtaí pobail, cultúrtha agus teangabhunaithe.

Déanann Bord rialaithe ar a bhfuil 12 comhalta agus foireann 82 duine, sainchúram forbartha na gníomhaireachta a chur i bhfeidhm.

## Role

Established in 1980, Údarás na Gaeltachta is the regional authority responsible for the economic, social and cultural development of the Gaeltacht. The overall objective of Údarás na Gaeltachta is to ensure that Irish remains the main communal language of the Gaeltacht and is passed on to future generations.

The authority endeavours to achieve that objective by funding and fostering a wide range of enterprise develoinent and job creation initiatives and by supporting strategic language, cultural and community based activities.

A governing board of 12 members and a staff of 82 people implement the agency's development brief.

## Pleanáil Teanga i nGaeltacht Thír Chonaill
## *Language Planning in the Donegal Gaeltacht*

Tá Ceanneagraíochtaí roghnaithe ag Údarás na Gaeltachta le tabhairt faoi phleananna teanga a réiteach do na Limistéir Pleanála Teanga atá faoina gcúram. Tá Gaeltacht Dhún na nGall roinnte in ocht limistéar pleanála teanga. Beidh na Ceanneagraíochtaí seo ag comhoibriú leis an Údarás agus le struchtúir pobail, a bhfuil ról lárnach acu i gcaomhnú agus i neartú na Gaeilge sa Ghaeltacht, le plean teanga a réiteach. Beidh tréimhse suas le dhá bhliain ag an gCeanneagraíocht le plean teanga a réiteach agus beidh an tÚdarás ag cur gach comhairle agus tacaíocht is féidir ar fáil dóibh agus iad ag dul i mbun oibre. Seo a leanas na Ceanneagraíochtaí atá roghnaithe go dtí seo do Ghaeltacht Dhún na nGall:

Údarás na Gaeltachta has selected Lead Organisations to undertake the preparation of language plans in their respective Language Planning Areas. The Donegal Gaeltacht has been divided in 8 Language Planning Areas. These Lead Organisations are working in cooperation with Údarás and other community organisations that have a central role in the preservation and strengthening of the Irish language in the Gaeltacht. The Lead Organisations have a period of up to two years in which to prepare their plans and an tÚdarás will provide them with advice and support whilst they undertake this work. Please find below the Lead Organisations selected to date for the Donegal Gaeltacht:

| **Ceantar** / Area | **Ceanneagraíocht** / Lead Organisation |
| --- | --- |
| Tuaisceart Dhún na nGall | Céim Aniar Teoranta |
| Cloich Chionnaola, Gort an Choirce, An Fál Carrach agus Machaire Rabhartaig | Pobal Eascarrach Teo, An tSean-Bheairic Teo, agus Coiste Pobail Ghort a' Choirce |
| Toraigh | Comharchumann Thoraí Teo. |
| Gaoth Dobhair, Rann na Feirste, Anagaire agus Loch an Iúir | Meitheal Pleanála Teanga an Iarthuaiscirt, f/ch Comharchumann Forbartha Ghaoth Dobhair Teo. |
| Na Rosa | Forbairt na Rosann Teo |
| Árainn Mhór | Comharchumann Oileán Árainn Mhóir Teo |
| An Ghaeltacht Láir | Le deimhniú go fóill |
| Dún na nGall Theas | Lár-Chomhairle Paróiste Ghleann Cholm Cille Teoranta |



# Club Leabhar Gaeilge an Iarthuaiscirt

## Léigh agus Pléigh leabhar Gaeilge gach mí

**Chun clárú leis an chlub agus cóip de leabhar na míosa a fháil, gabh i dteagmháil le Rannóg na Gaeilge, Comhairle Contae Dhún na nGall ar**

**sdaimhin@donegalcoco.ie**
**087 967 0985**
**rmcclafferty@donegalcoco.ie**
**087 222 3468**

## An Chéad Teacht le Chéile

**Caint, Plé agus Tae le húdar leabhar na míosa**

**Michelle Nic Pháidín - "Fuascailt an Iriseora"**

## Músaem Contae Dhún na nGall,

**Leitir Ceanainn,**

**Déardaoin 14 Márta ag 7.30pm**

Guímid gach beannacht agus rath ar sheachtain na Gaeilge. Is deis iontach atá ann do gach duine idir fhoghlaimeoirí agus chainteoirí líofa an méid Gaeilge atá acu a úsáid go bródúil os comhair an tsaoil. Tréaslaíonn an Roinn le lucht eagraithe imeachtaí éagsúla na seachtaine.

Is cuid riachtanach d'oidhreacht bheo an Stáit an Ghaeilge agus is acmhainn nádúrtha thábhachtach sa Ghaeltacht í.

Ar phríomhchúraimí na Roinne tá:

- leas cultúrtha, eacnamaíochta agus sóisialta na Gaeltachta a chur chun cinn mar phríomhfhoinse na teanga beo;
- freaschur a dhéanamh ar mheath na Gaeilge agus féachaint lena cur chun cinn mar phríomh-mheán cumarsáide na Gaeltachta; agus
- úsáid na Gaeilge a spreagadh agus a chur chun cinn ar fud na tíre, thuaidh agus theas.

Tacaíonn an Roinn agus comhoibríonn sí le gníomhaireachtaí eile, go háirithe an Foras Teanga agus Údarás na Gaeltachta, chun a cuspóirí a bhaint amach.

Cuirtear maoiniú ar fáil d'eagraíochtaí éagsúla Gaeilge agus do thionscnaimh Ghaeilge trí na Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge.

Leagtar síos in Acht nadTeangacha Oifigiúla 2003 creat reachtúil do sholáthar seirbhísí Stáit trí Ghaeilge.

Déanann an Brainse Logainmneacha taighde ar logainmneacha na hÉireann agus cuireann sé leaganacha údarásacha Gaeilge ar fáil de na logainmneacha sin.

Breis eolas ar fáil ag: **http://www.ahrrga.gov.ie/ga/gaeltacht/the-irish-language/**

**Sonraí teagmhála:**

Diarmaid Ó Mórdha 074 9536804/087 2251204/diarmaid.omordha@ahg.gov.ie
Gráinne Ní Ghallachóir 074 9536801/087 9981733/gráinne.nighallachoir@ahg.gov.ie

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta
Aonad 4, Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair
Na Doirí Beaga
F92 AK61

RANNÓG NA GAEILGE

# SEACHTAIN NA GAEILGE Á SHEOLADH

## Launch of Seachtain na Gaeilge 2019



Ag Cathaoirleach na Comhairle
An Clr Séamus Ó Domhnaill

In An Grianán Theatre, Leitir Ceanainn on
**Aoine/Friday, 1 Márta 2019 ag 1.00pm**

## FÁILTE ROMHAT – ALL WELCOME

*CEOL, COMHRÁ AGUS COMHLUADAR*

**Le Clann Mhic Ruairí**

Sólaistí ar Fáil / Refreshments Served | SAORCHEAD ISTEACH – NO ADMISSION FEE

Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

Conradh na Gaeilge

SEACHTAIN NA GAEILGE

## Foras na Gaeilge

**Co. Dhún na nGall**

Is eagraíocht tras-teorainn í Foras na Gaeilge a bunaíodh ar an dara lá de mhí na Nollag 1999agus atá freagrach as an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na hÉireann, taobh amuigh de na ceantair Ghaeltachta. Ghlac sí anonn na cúramaí a bhíodh ag Bord na Gaeilge sa dlínse ó dheas, comh maith le obair an Ghúm, Clár na Leabhar Gaeilge agus Colmcille. Seo a leanas na príomh ghníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl ag Foras
na Gaeilge

- an Ghaeilge a chur chun cinn;
- úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus sa scríbhneoireacht sa saol poiblí agus sa saolpríobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, i dTuaisceart Éireann mar a mbeidh éileamh cuí ann
- comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáilphríobháideach agus dheonach;
- tionscadail tacaíochta a ghabháil de láimh, agus cúnamh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí deréir mar a mheasfar is gá;
- taighde, feachtais tionscnaimh, agus caidreamh poiblí agus caidreamh leis na meáin, a ghabháil de láimh;

## Glór na nGael

Tá Glór na nGael ar cheann den sé cheanneagaíocht Gaeilge atá maoinithe ag Foras na Gaeilge. Tá freagracht ar leith ag Glór na nGael i dtrí réimse oibre;forbairt na Gaeilge sa teaghlach, forbairt na Gaeilge i measc grúpaí pobail agus forbairt na Gaeilge i measc grúpaí fiontraíochta agus gnó.Eagraíonn Glór na nGael comórtas idir ghrúpaí pobail fud fad na tíre gach bliain, a chuireann béim ar úsáid agus forbairt na Gaeilge. Tacaíonn siad le pobail atá ag iarraidh coistí úra a tharraingt le chéile, agus oibríonn siad chomh maith le coistí CLG atá ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn, agus le teaghlaigh atá ag iarraidh níos mó Gaeilge a úsáid sa bhaile.

Tá gréasán d'oifigigh forbartha fostaithe ag Glór nanGael ar fud na tíre, agus is féidir sonraí teagmhála na n-oifigigh a aimsiú ag www.glornangael.ie

Cuireann Glór na nGael fáilte roimh Sheachtain na Gaeilge. Is deis ar leith í úsáid a bhaint as cibé Gaeilge atá agat, nó má tá tú ag iarraidh an teanga a fhoghlaim, tapaigh an deis anois & cláraigh faoi choinne ranganna Gaeilge! Beidh imeachtaí arsiúl fud fad na tíre le linn na féile. Bí cinnte tacú leo agus triail a bhaint as an teanga!

Tá gach eolas ar Ghlór na nGael ar fáil ag www.glornangael.ie

# One Day Irish, Ulster Scots and Scots Gaelic Festival

## Strule Arts Centre, Omagh
## Saturday 2 March 10:00 am - 10:00 pm

**Irish Language Classes (for beginner, intermediate and advanced levels) and Scots Gaelic Course (all levels)**
10:00 am - 4:00 pm
Cost £5

**Talk by David Dunlop on Ulster Scots Identity**
4:00 pm - 5:00 pm
Free

**Concert with Brí**
Ulster Scots and traditional Irish music group featuring David Dunlop, Dee Tasker and Heather Montgomery + piper Alan Wade
8:00 pm
Tickets £8/£5 concession



Colmcille
ÉIRINN IS ALBA

Fermanagh & Omagh District Council
Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí

**Online www.struleartscentre.co.uk**
**Box Office 028 8224 7831**

## Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge (Gaoth Dobhair)

Ionad Gaeltachta de chuid OÉ Gaillimh

www.acadamh.ie

Is é misean an Acadaimh pobal teanga agus léinn a chur chun cinn trí ollscolaíocht Ghaeilge den chéad scoth a chur ar fáil.

Tá muid ag freastal ar phobal na Gaeilge ón bhliain 2002. Reáchtálann muid cúrsaí tríú leibhéal i gcomhar le grúpaí pobail ar bhonn rialta ar fud an réigiúin.Cuireann muid sainchúrsaíar fáil do réimse leathan cliant m.sh. An Garda Síochána; Comhairle Contae Dhún na nGall; Gael Linn; mic léinn Ghaeilge Ollscoil Uladh, múinteoirí faoi oiliúint srl.

Tá saineolas agus taithí phraiticiúil ag an fhoireann ar réimse leathan ábhar: Aistriúchán; Béaloideas; Gaeilge; Ilmheáin; Na Meáin; Oideachas; Pleanáil Teanga; Ríomhaireacht; Teicneolaíocht; Teilifís srl. Bíonn muid i gcónaí sásta ár gcuid saineolais a roinnt. Déan teagmháil linn am ar bith má bhíonn comhairle de dhíth ort.

Mar pháirt de Sheachtain na Gaeilge tá sé beartaithe againn ciorcal comhrá/club léitheoireachta a chur ar bun.Más rud é gur mhaith leat snas a chur ar do chuid Gaeilge sa dóigh sin, léirigh do spéis:

Guthán: 074 9531919

Ríomhphost: gaothdobhair@oegaillimh.ie

Suíomh gréasáin: http://www.nuigalway.ie/acadamh





Gaelscoileanna

Gaeloideachas an teideal nua atá ar an eagraíocht Gaelscoileanna Teo.Bunaíodh an eagraíocht Gaelscoileanna Teo i 1973 mar eagraíocht thacaíochta do na scoileanna lán-Ghaeilge. Ó 2014, tháinig bunscoileanna agus iarbhunscoileanna na Gaeltachta isteach faoi scáth na heagraíochta nuair a hainmníodh Gaelscoileanna Teo. mar cheanneagraíocht freagrach as an réimse Tumoideachais, Gaeloideachais agus an Réamhscolaíocht LánGhaeilge (na naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht). Is chun an leathnú seo ar fhreagrachtaí na heagraíochta a athraíodh an teideal go Gaeloideachas.

Tá 36 bunscoil agus 5 iarbhunscoil Gaeltachta i gCo. Dhún na nGall, chomh maith le 5 bhunscoil agus 2 iarbhunscoil lán-Ghaeilge suite lasmuigh den Ghaeltacht.

Is iad na príomhfheidhmeanna atá ag Gaeloideachas ná:

- Cur chuige comhleanúnach i leith bunú soláthair tumoideachais ó réamhscolaíocht, go bunscolaíocht, agus ó bhunscolaíocht go hiar-bhunscolaíocht a chinntiú trí thacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí teacht a bheith acu ar sholáthar tumoideachais dá bpáistí ag gach céim dá n-oideachas
- Tacaíocht a chinntiú do phobal na scoileanna Gaeltachta (daltaí, tuismitheoirí, agus foireann) teacht a bheith acu ar sholáthar iomlán trí Ghaeilge; agus
- Ionadaíocht a dhéanamh thar ceann scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta

Is féidir gach eolas a fháil faoi Ghaeloideachas ar an suíomh www. gaelscoileanna.ie



1Ú - 17Ú MARTÁ
2019

## Conradh na Gaeilge

*Clár Oibre Chonradh na Gaeilge*
Is é Conradh na Gaeilge fóram daonlathach phobal na Gaeilge agus saothraíonn an eagraíocht ar son phobal labhartha na

Gaeilge agus na Gaeltachta ar fud na hÉireann uile agus timpeall na cruinne. Ó bunaíodh é

ar 31 Iúil 1893, tá baill an Chonartha gníomhach ag cur chun cinn na Gaeilge i ngach gné de shaol na tíre, ó chúrsaí dlí agus oideachais go forbairt meán cumarsáide agus seirbhísí Gaeilge.

Tá breis agus 180 craobh agus iomaí ball aonair ag Conradh na Gaeilge sa lá atá inniu ann, agus bíonn baill uile an Chonartha ag saothrú go dian díograiseach chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn ina gceantair féin. Músclaíonn an eagraíocht uile-oileánda seo pobal na hÉireann, tugann sí tuiscint úrnua dúinn ar ár n-oidhreacht uathúil teanga, agus cothaíonn sí meas ionainn ar an gcultúr Gaelach luachmhar atá againn.

**Ráiteas Misin na hEagraíochta**
An Ghaeilge a athréimniú mar ghnáththeanga na hÉireann.

**Príomh-Réimsí Oibre**

- Abhcóideacht
- Oideachas
- Cumasú pobail
- Siamsaíocht / Féilte
- Ardú feasachta
- Ionadaíocht

## What does Conradh na Gaeilge do?

Conradh na Gaeilge is the democratic forum for the Irish-speaking community and works on behalf of the Irish-speaking and Gaeltacht community to promote the language throughout the whole of Ireland and around the world. Since its foundation on 31 July 1893, members of Conradh na Gaeilge have been actively promoting Irish in every aspect of life in Ireland, from legal and educational affairs to the develoinent of new media and services through Irish.

Conradh na Gaeilge currently has over 180 branches in addition to numerous individual members, and every member of Conradh na Gaeilge works hard to promote the use of Irish within their own community. The all-island organisation encourages the people of Ireland to respect and value our unique linguistic heritage, and gives us a fresh perspective and understanding of our culture.

**Organisation's Mission Statement**
To reinstate Irish as the common language of Ireland.

**Main Areas of Work**

- Advocacy
- Education
- Empowering Communities
- Entertainment / Festivals
- Raising awareness
- Representation

www.cnag.ie

*Tá Comhairle Contae Dhún na nGall buíoch do na heagraíochtaí agus coistí ar fad, idir stáit agus pobail, as comhoibriú linn ar an leabhrán imeachtaí seo, guímid gach rath ar na himeachtaí ar fad ar fud an Iarthuaiscirt. Moltar do dhaoine dul i dteagmháil leis na grúpaí éagsúla lena chinntiú go bhfuil gach eolas ceart agus cruinn agus gan athrú.*

## Fá choinne tuilleadh eolais


Rannóg na Gaeilge
Comhairle Contae Dhún na nGall
Ionad Seirbhíse Poiblí Leitir Ceanainn
Leitir Ceanainn
Contae Dhún na nGall

**Róise Ní Laifeartaigh,** Oifigeach Gaeilge Pobail: 074 919 4275
rmcclafferty@donegalcoco.ie

**Seán Ó Daimhín,** Oifigeach Seirbhísí Gaeilge 074 919 4238
sdaimhin@ccdhunnangall.ie